# TREOIR DON MHÚINTEOIR

Coimisiún na Meán

## RÉAMHRÁ

Míle buíochas as an am a ghlacadh chun an Treoir don Mhúinteoir seo a léamh. Tá sé dírithe ar mhúinteoirí agus ar oideoirí chun tacú le múineadh an cheachta: **Cearta, Rialacha agus Tuairisciú ar Líne.**

Rialálaí meán na hÉireann is ea Coimisiún na Meán. Tá sé freagrach as an gcéad Chreat Sábháilteachta ar Líne de chuid na hÉireann a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Tuigimid go bhfuil cuid den eolas sa cheacht seo casta, ach táthar ag súil go gcabhróidh an treoir seo leat agus go bhfreagróidh sí do chuid ceisteanna.

Ós rud é gurb é seo ár gcéad cheacht do scoileanna, bheimis buíoch as d'aiseolas. Comhlánaigh nasc an tsuirbhé thíos, le do thoil, lena chur in iúl dúinn cad a cheap tú faoin gceacht.

https://forms.office.com/e/Vndt09ZubB

## SA TREOIR DON MHÚINTEOIR SEO, GHEOBHAIDH TÚ:

- Eolas ar an bPlean Ceachta
- Ceisteanna Coitianta do Mhúinteoirí
- Gluais Téarmaí

## CEACHTANNA NA SRAITHE SÓISEARAÍ AGUS NA SRAITHE SINSEARAÍ

Tá ceacht amháin dírithe ar dhaltaí na Sraithe Sóisearaí (1ú–3ú Bliain) agus tá ceacht eile dírithe ar dhaltaí na Sraithe Sinsearaí (4ú–6ú Bliain). Tá na gníomhaíochtaí agus na cásanna sa dá cheacht cosúil lena chéile, ach tá mionoiriúnuithe i gceacht na Sraithe Sinsearaí. Is tú féin a thuigeann do rang is fearr, áfach, mar sin ná bíodh drogall ort na cásanna is fearr a oireann duit féin agus do do dhaltaí a roghnú. Is féidir na hacmhainní go léir do na ceachtanna seo a fháil ag www.cnam.ie/ga/.

## UAINIÚ CEACHTA

Measaimid go dtógfaidh an ceacht uair an chloig le críochnú. Bunaithe ar d'amchlár scoile, áfach, b'fhéidir gur mhaith leat é a roinnt ina dhá cheacht nó níos mó. Tá an ceacht dírithe ar fhíseán do dhaoine óga ina leagtar amach na cearta atá acu faoi Chreat Sábháilteachta Ar Líne nua na hÉireann. Féachann an ceacht freisin ar thuairisciú d'ardáin ar líne, ról Choimisiún na Meán agus conas cearta na ndaltaí a fheidhmiú faoin gCreat Sábháilteachta Ar Líne.
Is féidir ár PowerPoint a chur in eagar, mar sin bíodh drogall ort ábhar a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais do dhaltaí.
Ag bun gach sleamhnán PowerPoint, gheobhaidh tú treoir maidir le huainithe agus eolas tábhachtach eile.

**Roimh an gceacht seo:**

- Priontáil amach an líon bileog eolais atá ag teastáil
- Seiceáil go bhfuil an t-idirlíon agus an fhuaim ag obair i do sheomra ranga
- Socraigh na suíocháin ionas gur féidir le daltaí oibriú i ngrúpaí de 4-5 don ghníomhaíocht cásanna
- Léigh trí na Ceisteanna Coitianta do Mhúinteoirí ar leathanach 4
- Déan athbhreithniú ar na cásanna ar shleamhnáin 23–25 roimh ré lena chinntiú go bhfuil tú ar do chompord iad a roinnt leis an rang.

# FORBHREATHNÚ AR AN BPLEAN CEACHTA

## DO CHEARTA AR LÍNE

| Gníomhaíocht/ Ceannteideal | Cur síos | Sleamhnán | Uainiú |
|---|---|---|---|
| **Gníomhaíocht bheirte:** Fios a bheith agat faoi do chearta | • Faoi cheann 60 soicind, tagann daltaí ar chearta leanaí ar a bhfuil siad eolach fúthu, chomh maith le haon chearta a d'fhéadfadh a bheith acu ar líne.<br>• Tugann an rang a gcuid aiseolais.<br>• Féach ar na freagraí féideartha ar shleamhnán 5 le chéile.<br>Is féidir tuilleadh eolais chúlra a fháil sna nótaí ag bun shleamhnán 5. | 4<br>5 | 1-2 nóiméad<br>1 nóiméad |
| **Gníomhaíocht:** Do chuid ceart ar líne | Féachann daltaí ar an bhfíseán ina dtugtar breac-chuntas ar na cearta atá acu ar líne faoin Chreat Sábháilteacht ar Líne. | 6 | 3 nóiméad |
| **Plé:** Ceisteanna faoin bhfíseán | • Freagraíonn daltaí ceisteanna bunaithe ar an bhfíseán (is féidir é sin a dhéanamh trí phlé i ngrúpaí, nó is féidir le daltaí freagraí a scríobh ina gcóipleabhair).<br>• Tugann an rang a gcuid aiseolais.<br>Is féidir freagraí molta a fháil sna nótaí ag bun an tsleamhnáin seo. | 7 | 5-10 nóiméad |

## RIALACHA AR LÍNE

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Creat Sábháilteachta ar Líne | Réamhrá ar na trí dhlí lena ndéantar an Creat Sábháilteachta Ar Líne<br>Is féidir tuilleadh eolais chúlra a fháil sna nótaí ag bun an tsleamhnáin seo. | 9 | 3-5 nóiméad |
| Ról Choimisiún na Meán | Ról Choimisiún na Meán maidir leis an gCreat Sábháilteachta Ar Líne<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil sna nótaí ag bun an tsleamhnáin seo. | 10 | 1 nóiméad |
| Cad iad na hardáin ar líne a mbaineann na dlíthe seo leo? | Grafaic eolais ar na hardáin ar líne a mbaineann na dlíthe leo<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil sna nótaí ag bun an tsleamhnáin seo | 11 | 1 nóiméad |

## AG TUAIRISCIÚ AR LÍNE

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Gníomhaíocht:** Díospóireacht siúil nó lámha in airde/lámha síos | Pléann daltaí an ráiteas: 'Ní fiú rudaí a thuairisciú chuig na hardáin – ní tharlaíonn aon rud agus ní bhaintear an t-ábhar.'<br>Is féidir tuilleadh comhairle, ceisteanna breise le cur agus eolas cúlra a fháil sna nótaí ag bun an tsleamhnáin seo. | 13 | 3-8 nóiméad |
| Conas an t-idirlíon a fheabhsú do gach duine | Foghlaimíonn na daltaí conas agus cén fáth a bhfuil sé tábhachtach agus tairbheach tuairisciú do na hardáin.<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag bun an sleamhnáin seo. | 14 | 1 nóiméad |
| Ábhar mídhleathach agus díobhálach agus tuairisciú do na hardáin | Foghlaimíonn na daltaí faoi ábhar mídhleathach agus díobhálach agus conas tuairisciú do na hardáin éagsúla.<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag bun shleamhnáin 15-18. | 15-18 | 1 nóiméad in aghaidh an tsleamhnáin |
| **Gníomhaíocht ghrúpa:** Ag tuairisciú ábhair ar YouTube | Déanann daltaí cleachtadh ar chonas ábhar mídhleathach a thuairisciú ar YouTube nó ar ardán eile a bhfuil rochtain acu air. | 19 | 5-8 nóiméad |
| Ag tuairisciú do Choimisiún na Meán | Cuirtear eolas ar fáil faoi conas tuairisciú do Choimisiún na Meán agus cén áit ar féidir é a dhéanamh.<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag bun an sleamhnáin seo. | 20 | 1 nóiméad |

## CONAS AGUS CAD BA CHEART A THUAIRISCIÚ DO CHOIMISIÚN NA MEÁN

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Réamhrá don ghníomhaíocht ghrúpa:** Cásanna féideartha | Tuigeann na daltaí atá le déanamh sa ghníomhaíocht<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag bun an sleamhnáin seo. | 22 | 2 nóiméad |
| **Cás samplach:** An féidir liom tuairisciú chuig Coimisiún na Meán? | Pléann an rang an cás samplach agus déanann siad athbhreithniú ar na dlíthe ar shleamhnán 15.<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag bun an sleamhnáin seo. | 23 | 2-3 nóiméad |
| **Cásanna:** An féidir liom tuairisciú chuig Coimisiún na Meán? | Roinntear an rang ina ngrúpaí agus pléann siad an cás tugtha dóibh, agus ansin tugann siad aiseolas mar rang. Athbhreithnigh na freagraí ar shleamhnán 25<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag bun na sleamhnán seo | 24<br>25 | 4-8 nóiméad<br>4-5 nóiméad |
| Cé eile ar féidir liom dul chuige chun cabhair agus comhairle a fháil? | Liosta d'eagraíochtaí/de dhaoine aonair ar féidir daltaí dul chucu chun cabhair a fháil.<br>Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag bun an sleamhnáin seo. | 26 | 1 nóiméad |
| Athchoimre/príomhthátalacha/machnamh agus beart | Téigh thar phríomhtheachtaireachtaí ón gceacht agus iarr ar gach dalta machnamh a dhéanamh ina gcóipleabhar/ndialann | 27-29 | 1 nóiméad le haghaidh sleamhnán 27-28<br>2 nóiméad le haghaidh sleamhnán 29 |
| Suirbhé | Tabhair an nasc do gach dalta agus iarr orthu ceistneoir an tsuirbhé a líonadh. | 30 | 3-5 nóiméad |

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ BREISE ROGHNACHA

### An tSraith Shóisearach

- Iarr ar gach dalta seicliosta a scríobh de na rudaí ba cheart dóibh a dhéanamh má fheiceann siad ábhar mídhleathach ar líne.
- Iarr ar ghrúpaí tobsmaointeoireacht a dhéanamh, taighde a dhéanamh agus póstaer a chruthú de na heagraíochtaí éagsúla ar féidir leo cabhrú le daoine óga déileáil le hábhar díobhálach ar líne.
- Don obair bhaile, iarr ar gach dalta breathnú ar na hardáin éagsúla ar na meáin shóisialta agus féachaint cé chomh héasca is atá sé ábhar a thuairisciú.

### An tSraith Shinsearach

Iarr ar ghrúpaí taighde a dhéanamh ar a bhfuil ar siúl ar leibhéal na hEorpa (an Coimisiún Eorpach) maidir leis na hardáin. An bhfuil imscrúduithe ar bun? An raibh ar na hardáin éagsúla ar líne aon fhíneálacha a íoc go dtí seo as aon dlíthe a shárú?

# CEISTEANNA COITIANTA DO MHÚINTEOIRÍ

**Tháinig dalta chugam ag iarraidh cabhair a fháil chun ábhar mídhleathach a thuairisciú. Cad a dhéanfaidh mé?**

- Má fheiceann tú ábhar mídhleathach ar líne, tuairiscigh don ardán é agus bain úsáid as an córas tuairiscithe d'ábhar mídhleathach agus luaigh go soiléir cén dlí Éireannach atá á shárú aige. Is dócha go mbeidh ort URL/URLanna an ábhair a cheapann tú a bheith mídhleathach a chur ar fáil, chomh maith le seoladh ríomhphoist ionas gur féidir leis an ardán teacht ar ais chugat.
- Faoi dhlíthe an Chreata Sábháilteachta Ar Líne, agus nuair a thugtar ríomhphost don árdán, ní mór don ardán freagra a thabhairt duit go tráthúil ag míniú duit go bhfuair siad do thuairisc. Ansin, caithfidh siad a mhíniú duit an cinneadh a rinne siad (e.g. d'ábhar a bhaint nó gan d'ábhar a bhaint). Mura bhfuil tú sásta lena gcinneadh, caithfidh siad bealach a thabhairt duit freisin lena gcinneadh a achomharc.
- Mura bhfreagraíonn an t-ardán do thuairisc, nó mura féidir leat an córas tuairiscithe a aimsiú, is féidir leat tuairisc a chur chuig Coimisiún na Meán ag usersupport@cnam.ie.
- Tuairiscigh ábhar mídhleathach do na Gardaí. Más rud é go bhfuil bagairt láithreach ar do shaol nó saol do dhalta, nó ar do shábháilteacht, glaoigh ar an nGarda Síochána i gcónaí ar 999 nó 112.

**Cad is brí le 'freagra tráthúil'? An bhfuil aon treoirlínte ann maidir le cé chomh fada is atá i gceist leis sin?**

Cé nach dtugann an Chreata Sábháilteacht Ar Líne sainmhíniú ar 'fhreagra tráthúil', déanfaidh árdáin iarracht an t-ábhar mídhleathach seo a bhaint in am chomh tapaidh agus is féidir.

**Cad é an chéad rud eile is féidir le Coimisiún na Meán a dhéanamh más féidir gur sháraigh ardáin an dlí?**

- Tá cumhachtaí éagsúla ag Coimisiún na Meán. Nuair a fhaighimid tuairiscí ón bpobal faoi ardáin a líomhnaítear go bhfuil na rialacha á sárú acu, fiosraímid sin. Má fhaighimid amach go bhfuil ardán ag sárú na rialacha agus nach bhfuil sé ag comhlíonadh a oibleagáidí dlíthiúla faoin gCreat Sábháilteachta Ar Líne, is féidir linn imscrúdú a thosú.
- Má fhaighimid amach gur sháraigh ardán na rialacha, is féidir linn rabhaidh agus fíneálacha a eisiúint. Mar shampla, d'fhéadfadh fíneálacha suas le 6% de láimhdeachas an ardáin a bheith mar thoradh ar sháruithe an Acht um Sheirbhísí Dhigiteacha (DSA).
- Cé nach ndéantar imscrúdú mar thoradh ar gach tuairisc a fhaighimid, dá mhéad eolais a fhaighimid faoin gcaoi a bhfuil an pobal ag plé leis na hardáin éagsúla ar líne, is amhlaidh is fearr is féidir linn ár gcuid oibre a dhéanamh.

**An féidir le Coimisiún na Meán ábhar mídhleathach a bhaint dom féin nó do mo dhaltaí?**

Ní féidir. Níl sé de chumhacht ag Coimisiún na Meán go mbainfí ábhar mídhleathach anuas d'ardáin ar líne láithreach. Is é an ról atá againne a dhéanamh cinnte go bhfuil córais tuairiscithe ábhair na n ardán ag obair go héifeachtach i gcomhréir leis an dlí.

**Cad is gá dom/do mo dhaltaí a dhéanamh má fheicim/má fheiceann siad ábhar díobhálach ar líne?**

- Sainmhíníonn an Cód Sábháilteachta Ar Líne in Éirinn cad is ábhar díobhálach ann. Áirítear le hábhar díobhálach – ábhar féinmharaithe, cibearbhulaíocht agus neamhoird itheacháin a chur chun cinn. Ach go háirithe nuair a thugann an t-ábhar seo baol do shaol duine éigin nó contúirt mór don sláinte mheabhrach nó sláinte choirp duine éigin, is gá don ardán an t-ábhar seo a shríonú sna Téarmaí agus Coinníollacha agus cead a thabhairt don usáideoir an t-ábhar seo a thuairsciú.
- Ba cheart duit ábhar díobhálach a thuairisciú i gcónaí don ardán ar a bhfaca tú é. Mura ndéanann ardáin an t ábhar díobhálach sin a bhaint go tráthúil, is féidir leat é sin a thuairisciú do Choimisiún na Meán.
- Má cheapann tú go bhfuil do shaol féin nó saol do dhaltaí i mbaol, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis na Gardaí i gcónaí ar 999 nó 112.

**Táim buartha faoi ábhar sceimhlitheoireachta ar líne. Mar mhúinteoir, cad a dhéanfaidh mé má fheicim é seo?**

Má fheiceann tú ábhar ar ardán atá ag spreagadh nó ag glóiriú gníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta nó ag cur a leithéid chun cinn nó ag tacú leo, tuairiscigh láithreach é don ardán inar aimsigh tú é. Ba cheart duit an t ábhar sin a thuairisciú do na Gardaí freisin. Más rud é go bhfuil bagairt láithreach ar do shaol nó ar do shábháilteacht, glaoigh ar an nGarda Síochána ar 999 nó 112.

**Táim beagáinín neirbhíseach faoin ábhar seo a mhúineadh. Níl mórán eolais agam air, agus athraíonn sé go léir chomh tapa sin. An mbeidh níos mó acmhainní ann ó Choimisiún na Meán ar ábhair eile?**

Beidh, tá foireann thiomnaithe um Litearthacht sna Meáin agus Oideachas Úsáideoirí ag Coimisiún na Meán. Is í an acmhainn seo ár gcéad fhoilseachán, ach táimid ag súil go gcruthófar níos mó acmhainní sa todhchaí. Tá do chuid aiseolais tábhachtach agus luachmhar mar sin líon isteach ár suirbhé chun a chur in iúl dúinn cad iad na réimsí/ábhair ar mhaith leat a bheith cumhdaithe.

# GLUAIS TÉARMAÍ

| Acrainm | Téarma Iomlán | Sainmhíniú |
|---|---|---|
| **BAI** | Údarás Craolacháin na hÉireann | An t-iarchomhlacht rialála a bhí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí craolacháin in Éirinn. Glaoítear Coimisiún na Meán air anois. |
| **DSA** | An Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha | Is creat rialála é an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha ón Aontas Eorpach atá dírithe ar chuntasacht agus trédhearcacht ardán agus seirbhísí eile ar líne a mhéadú. |
| **DSC** | Comhordaitheoir na Seirbhísí Digiteacha | Údarás ainmnithe i ngach ballstát den AE atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha an AE (DSA). |
| **NCII** | Comhroinnt Neamh-Chomhthoiliúil Íomhánna Dlúthphearsanta; | Tagraíonn sé do dháileadh íomhánna dlúthphearsanta gan cead an duine a léirítear iontu. |
| **OSMR** | An tAcht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 | Rinneadh foráil leis an reachtaíocht OSMR maidir le Coimisiún na Meán a bhunú. I measc nithe eile, tugann an tAcht cumhacht dár gCoimisinéir Sábháilteachta ar Líne, mar chuid de Choimisiún na Meán níos leithne, chun seirbhísí ainmnithe ar líne a thabhairt chun cuntais trí chóid shábháilteachta ar líne atá ceangailteach. |
| **TCOR** | Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne | Is dlí é Rialachán an Aontais maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne a cheapadh chun scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar an idirlíon a chosc. Tá sé mar aidhm ag an rialachán sábháilteacht an phobail a fheabhsú agus cearta bunúsacha a chosaint ag an am céanna. |
| **VLOPs** | Ardáin An-Mhór ar Líne | Ardáin dhigiteacha a bhfuil cumhacht agus tionchar suntasach acu, a shainmhínítear go hiondúil mar ardáin a bhfuil 45 milliún nó níos mó úsáideoir gníomhach míosúil acu san Aontas Eorpach. |
| **VLOSEs** | Innill Chuardaigh An-Mhór ar Líne | Innill chuardaigh a bhfuil bonn suntasach úsáideoirí acu, go sonrach iad siúd a bhfuil 45 milliún nó níos mó úsáideoir gníomhach míosúil acu san Aontas Eorpach |
| **VSPS** | Seirbhís Ardáin Comhroinnte Físeán | Ardáin ar líne a chuireann clár ar fáil nó a ligeann d'úsáideoirí ábhar físe a uaslódáil, a roinnt agus a fheiceáil. |
| **HSPs** | Soláthraithe Seirbhísí Óstála | Seirbhís a ligeann d'úsáideoirí eolas a stóráil ar líne. I measc samplaí de sholáthraithe seirbhísí óstála tá ardáin meán sóisialta, seirbhísí óstála gréasáin agus néalseirbhísí. |

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| **Mí-úsáid** | Táirge nó seirbhís a úsáid ar bhealach a sháraíonn téarmaí seirbhíse, Treoirlínte Pobail, nó rialacha eile an tsoláthraí, go ginearálta toisc go gcruthaíonn nó go méadaíonn sé an baol go ndéanfaí díobháil do dhuine nó do ghrúpa, nó toisc go bhfuil sé de nós aige an bonn a bhaint de chuspóir, d'fheidhm nó de cháilíocht na seirbhíse. |
| **Anaithnideacht** | Cuntas úsáideora ina bhfuil fíor-ainm an úsáideora anaithnid nó nach dtaispeántar é. |

| Téarma | Sainmhíniú |
| --- | --- |
| **Achomharc** | Dúshlán a bhaineann le gníomh forfheidhmiúcháin na nárdáin, lena n-iarrtar athbhreithniú ar chinneadh beart a dhéanamh nó lena ndiúltaítear beart a dhéanamh maidir le hábhar nó |
| **Treoirlínte Pobail** | An tacar coinníollacha agus teorainneacha lena rialaítear úsáid seirbhíse digití nach mór d'úsáideoir aontú leis mar choinníoll úsáide. |
| **Modhnóireacht Ábhair** | Ábhar arna ghiniúint ag an úsáideoir a athbhreithniú chun tuairiscí ar ábhar nó iompar a bhrath, a shainaithint nó chun aghaidh a thabhairt orthu, lena bhféadfaí na dlíthe is infheidhme nó beartais ábhair nó téarmaí seirbhíse de chuid seirbhís dhigiteach a shárú. |
| **Mífhaisnéis** | Ábhar bréagach nó míthreorach a roinntear nach bhfuil rún díobhálach i gceist leis cé gur féidir lena éifeachtaí a bheith díobhálach fós, e.g. nuair a roinneann daoine eolas bréagach le cairde agus leis an teaghlach le dea-intinn. |
| **Bréagaisnéis** | Ábhar bréagach nó míthreorach a scaiptear chun dallamullóg a chur ar dhaoine nó chun gnóthachan eacnamaíoch nó polaitiúil a bhaint amach, agus a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don phobal. |
| **Ábhar gáirsiúil** | Ábhar ar líne a dhéanann cur síos ar nó a léiríonn ábhar dlúthphearsanta |
| **Marcáil** | Ar a dtugtar tuairisciú freisin, an próiseas trínar féidir le húsáideoir athbhreithniú a iarraidh ar ábhar ar líne faoi Threoirlínte Pobail de chuid ardáin nó mar ceapann siad go bhfuil an ábhar mídhleathach. |

Tabhair Cuairt ar
**www.cnam.ie/ga/**

Le haghaidh tuilleadh eolais

Coimisiún na Meán